Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2015
(OR. en)

9144/15

DEVGEN 78
RELEX 415
ACP 82
FIN 377

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil Bhliantúil 2015 chuig an gComhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais Eorpaigh um Chúnamh Forbartha<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Ag an gcruinniú a bhí aici an 26 Bealtaine 2015, ghlac an Chomhairle na Conclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

**Conclúidí ón gComhairle**

**Tuarascáil Bhliantúil 2015 chuig an gComhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais Eorpaigh um Chúnamh Forbartha**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle gur fhoilsigh an Coimisiún an réamh-fhaisnéis maidir le Cúnamh Oifigiúil Forbartha (ODA) 2014 an Aontais Eorpaigh[1] lena ndéantar anailís ar na treochtaí i ndáil le gealltanais chomhpháirteacha agus aonair an Aontais i dtaca le Cúnamh Oifigiúil Forbartha[2]. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gné thábhachtach, chatalaíoch é ODA sa mhaoiniú foriomlán atá ar fáil do thíortha i mbéal forbartha is mó gátar.

2. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle an 17 Meitheamh 2010 tuarascáil bhliantúil a chur i dtoll a chéile maidir le gealltanais agus comhlíonadh an Aontais agus na mBallstát i leith ODA. Seo an cúigiú tuarascáil dá chineál a chuirfear faoi bhráid na Comhairle Eorpaí.

---

[1] http://europa.eu/rapid/press-release_IP-15-4747_en.htm agus http://europa.eu/rapid/press-release_MEMO-15-4748

[2] Conclúidí ón Uachtaránacht, an Chomhairle Eorpach an 16 agus an 17 Meitheamh 2005 (10255/1/05) agus Conclúidí ón gComhairle an 10 agus an 11 Samhain 2008 (15480/08). Féach an Iarscríbhinn le haghaidh na ngealltanas.

3. Agus an méid thuas á thabhairt ar aird, is mian leis an gComhairle na gnéithe a leanas a thuairisciú don Chomhairle Eorpach:

a. Sa bhliain 2014, agus in ainneoin na srianta leanúnacha buiséadacha mar gheall ar an ngéarchéim leanúnaí, ardaíodh Cúnamh Oifigiúil Forbartha iomlán an Aontais ó EUR 56.894 in 2013 billiún go EUR 58.214, agus é ag ardú don dara bliain as a chéile agus an leibhéal ainmniúil is airde go dtí seo á bhaint amach aige. Shroich ODA iomlán an Aontais 0.42% d'ollioncam náisiúnta (OIN) an Aontais[3]. Méadaíodh ODA iomlán Bhallstáit an Aontais ó €54.021 billiún in 2013 go €56.147 billiún in 2014, agus é seasta ag 0.41% den OIN.

b. Tá an tAontas fós ar an deontóir ODA is mó ar domhain (féach Figiúr 1), arbh fhiú arís a ranníocaíocht breis agus leath ODA a thugtar do thíortha i mbéal forbartha (féach Figiúr 1) mar a thuairiscítear do Choiste Cúnaimh Forbartha (DAC) na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) . Bhí an Cúnamh Oifigiúil Forbartha ó dheontóirí ECFE/DAC ag EUR 101.9 billiún in 2014, ar chomhchéim leis an mbarrleibhéal EUR 101.8 billiún a bhí ann in 2013, cé go raibh laghdú 0.5% i gceist i bhfíorthéarmaí USD. D'fhan an Cúnamh Oifigiúil Forbartha ó ECFE/DAC mar sciar den Ollioncam Náisiúnta thíortha an Choiste Cúnaimh Forbartha ag 0.29%.

---

[3] Is ionann ODA iomlán an Aontais agus ODA ó Bhallstáit an Aontais agus an chuid de ODA a chuireann institiúidí an Aontais ar fáil nach bhfuil iontráilte go barúlach ag Ballstát. Taifeadtar go barúlach an chuid is mó de chaiteachas ODA institiúidí an Aontais ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, chun críche tuairisciú a dhéanamh ar ODA/OIN, i.e áirítear cuid de chaiteachas na n-institiúidí ar shonraí na mBallstát. Ní thaifeadtar go barúlach ODA a chuirtear ar fáil trí acmhainní an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (EIB) féin (EUR 2.9bn in 2013) do Bhallstáit agus tá sé sa bhreis ar ODA na mBallstát. Tháinig fás 2.4% ar mhéid iomlán ODA an Aontais ó 2013 i leith agus ba ionann sin agus 0.42% de OIN an Aontais in 2014, laghdú beag ó 0.43% in 2013 mar gheall ar na hathruithe a rinneadh ar an mbealach inar ríomh tromlach na mBallstát OIN. Bheadh sé ag 0.44% mura ndearnadh na hathruithe sin.

c. Léirítear feidhmíocht mheasctha Bhallstáit an Aontais leis na torthaí thuas. D'ardaigh 10 mBallstát a leibhéil ODA/OIN faoi níos mó ná 0.01% agus choimeád 7 mBallstát na leibhéil sin mar an gcéanna. Tháinig laghdú níos mó ná 0.01% ar leibhéil ODA/OIN 11 Bhallstát. Sháraigh ceithre Bhallstát de chuid an Aontais an tairseach 0.7% ODA/OIN (Féach figiúr 2 agus Tábla 1).

d. Léirítear le meastacháin na mBallstát féin agus le meastacháin an Choimisiúin gur dóigh go n-ardóidh ODA iomlán an Aontais go 0.44% de OIN in 2015. D'fhonn sprioc chomhpháirteach an Aontais 0.7% OIN faoi 2015 a bhaint amach, bheadh ar an Aontas agus a Bhallstáit tuairim is suim bhreise EUR 38.58 billiún a chur ar fáil (féach Fígiúr 1 agus Tábla 1).

4. Tá an Chomhairle ag tnúth le measúnú níos iomláine ar fheidhmíocht an Aontais i dTuarascáil Cuntasachta 2015 an Aontais Eorpaigh maidir le Maoiniú don Fhorbairt[4], agus is díol sásaimh di an trédhearcacht dá bhforáiltear leis bpróiseas cuntasachta bliantúil lena léirítear ar bhealach fíorasach an dul chun cinn atá déanta ag an Aontas maidir le maoiniú don fhorbairt.

5. I bhfianaise an phlé leanúnaigh idirnáisiúnta, athdhearbhaíonn an Chomhairle a ceannaireacht pholaitiúil agus a tiomantas maidir le cúnamh forbartha ón Aontas, agus tugann sí dá haire gur tosaíocht lárnach i gcónaí ag an Aontas é comhar don fhorbairt, agus tá sí ag súil go leanfar leis an idirbheartaíocht mar ullmhúchán don Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Maoiniú don Fhorbairt a bheidh ar siúl in Addis Ababa, agus do chruinniú mullaigh na Náisiún Aontaithe chun go nglacfar clár oibre forbartha Iar-2015 i Nua Eabhrac agus don 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide a bheidh ar siúl i bPáras i mí na Nollag.

---

[4] Sainmhínithe ag Comhdháil Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe ar Mhaoiniú um Fhorbairt (Comhthoil Monterrey) Márta 2002, a ndearnadh breis forbartha air ag Comhdháil Athbhreithnithe 2008 (Dearbhú Doha), áirítear ann, inter alia, acmhainní baile a úsáid agus inbhuanaitheacht fiachais, infheistíocht dhíreach choigríche agus méadú ar rannpháirtíocht na hearnála príobháidí, sreabha eile príobháideacha amhail íocaíochtaí imirceach, Cúnamh Oifigiúil Forbartha agus maoiniú eile do dhúshláin dhomhanda, maoiniú nuálach agus saincheisteanna sistéimeacha idirnáisiúnta.

6. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle a cur chuige cuimsitheach agus comhtháite maidir le maoiniú agus bealaí eile cur chun feidhme a fháil ó na foinsí uile agus na gníomhaithe uile a bheidh ar fáil (poiblí/príobháideach, intíre/idirnáisiúnta) mar thacaíocht d'fhorbairt inbhuanaithe i dtíortha atá i mbéal forbartha, lena n-áirítear foinsí agus ionstraimí nuálacha maoiniúcháin, chomh maith le sásraí le faireachán a dhéanamh ar na torthaí.

## Gealltanais agus Spriocanna ODA an Aontais Eorpaigh atá ann cheana

**0.7% ODA/OIN (Conclúidí ón gComhairle, an 24 Bealtaine 2005 (9266/05), mír 4.)**

'Tá géarghá le ODA méadaithe chun Spriocanna Forbartha Mílaoise a bhaint amach ... glacann an tAontas le sprioc chomhpháirteach nua an Aontais 0.56% ODA/OIN a bhaint amach faoi 2010, a mbeadh €20 billiún ODA sa bhreis mar thoradh air faoin am sin.

(i) Na Ballstáit nach bhfuil leibhéal 0.51% ODA/OIN bainte amach acu fós, geallann siad, faoi chuimsiú a bpróiseas leithdháilte buiséadach faoi seach, an leibhéal sin a bhaint amach faoi 2010, agus na Ballstáit atá os cionn an leibhéil sin cheana féin, geallann siad go leanfaidh siad ar aghaidh lena n-iarrachtaí;

(ii) Na Ballstáit a chuaigh isteach san Aontas Eorpach tar éis 2002, agus nach bhfuil leibhéal 0.17% ODA/OIN bainte amach acu fós, déanfaidh siad gach iarracht a ODA a mhéadú sa chaoi go sroichfidh siad, laistigh dá bpróisis leithdháilte bhuiséadacha faoi seach, an leibhéal sin faoi 2010, agus na Ballstáit atá cheana os cionn an leibhéil sin, geallann siad go gcoinneoidh siad lena n-iarrachtaí.

(iii) Gabhfaidh na Ballstáit orthu féin 0.7% den sprioc ODA / OIN a bhaint amach faoi 2015 agus gabhfaidh na Ballstáit sin a bhfuil an sprioc sin bainte amach acu orthu féin fanacht os cionn na sprice sin; déanfaidh na Ballstáit a chuaigh isteach san Aontas Eorpach i ndiaidh 2002 a ndícheall a ODA/OIN a ardú go 0.33% faoi 2015.'

**An Afraic (Conclúidí ón gComhairle, an 24 Bealtaine 2005 (9266/05), mír 22)**

'Cuirfidh an tAontas lena chúnamh airgeadais don Afraic fho-Shahárach agus cuirfidh sé ar a laghad 50% den mhéadú aontaithe d'acmhainní ODA ar fáil don mhór-roinn agus lánurraim á léiriú do thosaíochtaí na mBallstát aonair sa chúnamh forbartha.'

**Na tíortha is lú forbairt (LDC) (Conclúidí ón gComhairle, an 31 Márta 2011 (7813/11), mír 10)**

'... athdhaingníonn an tAontas a ghealltanas, i gcomhthéacs ghealltanas foriomlán thuasluaite an ODA, an sprioc 0.15% go dtí 20% den GNP (olltáirgeacht náisiúnta) a bhaint amach go comhpháirteach, ar sprioc í i ndáil leis an gcúnamh atá le tabhairt do na tíortha is lú forbairt[5].

[5] Tá an gealltanas bunaidh sna Conclúidí ón gComhairle an 10 agus an 11 Samhain 2008 (15480/08).

Figures and Tables

Figure 1





Figure 2


Gap between 2014 ODA levels and 2015 agreed individual targets of the 28 EU Member States and direction of change from 2013 to 2014
ODA as % of GNI
Direction of change in ODA spending 2013-2014 greater than 0.01% of GNI
increase (10)
no change (7)
decrease (11)
0.7
0.33
1.10
1.07
0.85
0.71
0.64
0.60
0.46
0.41
0.38
0.36
0.26
0.19
0.16
0.14
0.11
0.20
0.15
0.13
0.12
0.11
0.11
0.10
0.10
0.09
0.08
0.08
0.08
0.08
Sweden
Luxembourg
Denmark
UK
Netherlands
Finland
Belgium
Germany
Ireland
France
Austria
Portugal
Italy
Spain
Greece
Malta
Estonia
Slovenia
Hungary
Czech Republic
Croatia
Romania
Cyprus
Lithuania
Poland
Bulgaria
Slovak Republic
Latvia
2015 individual commitment

Tábla 1: ODA AE 2012-2015

| Ballstát | 2012 | | 2013 | | 2014 (Réamhfhigiúirí) | | 2015 (Réamh-mheastacháin) | | Gealltanas 2015 | | Bearna airgeadais 2015 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | EUR Milliún | % den OIN | EUR Milliún | % den OIN | EUR Milliún | % den OIN | EUR Milliún | % den OIN | EUR Milliún | % den OIN | EUR Milliún | % den OIN |
| An Ostair | 860 | 0.28 | 882 | 0.27 | 863 | 0.26 | 834 | 0.25 | 2,356 | 0.70 | 1,522 | 0.45 |
| An Bheilg | 1,801 | 0.47 | 1,732 | 0.45 | 1,797 | 0.46 | 1,772 | 0.43 | 2,862 | 0.70 | 1,090 | 0.27 |
| An Bhulgáir | 31 | 0.08 | 37 | 0.10 | 32 | 0.08 | 38 | 0.09 | 137 | 0.33 | 98 | 0.24 |
| An Chróit | 15 | 0.03 | 32 | 0.07 | 49 | 0.11 | 49 | 0.12 | 217 | 0.33 | 168 | 0.21 |
| An Chipir | 20 | 0.12 | 15 | 0.10 | 15 | 0.10 | 13 | 0.08 | 56 | 0.33 | 43 | 0.25 |
| Poblacht na Seice | 171 | 0.12 | 159 | 0.11 | 158 | 0.11 | 148 | 0.10 | 486 | 0.33 | 338 | 0.23 |
| An Danmhairg | 2,095 | 0.83 | 2,205 | 0.85 | 2,258 | 0.85 | 2,379 | 0.87 | 2,740 | 1.00 | 361 | 0.13 |
| An Eastóin | 18 | 0.11 | 23 | 0.13 | 28 | 0.15 | 26 | 0.13 | 65 | 0.33 | 39 | 0.20 |
| An Fhionlainn | 1,027 | 0.53 | 1,081 | 0.54 | 1,232 | 0.60 | 1012 | 0.49 | 1,458 | 0.70 | 446 | 0.21 |
| An Fhrainc | 9,358 | 0.45 | 8,543 | 0.41 | 7,817 | 0.36 | 9349 | 0.42 | 15,493 | 0.70 | 6,144 | 0.28 |
| An Ghearmáin | 10,067 | 0.37 | 10,717 | 0.38 | 12,247 | 0.41 | 13,121 | 0.43 | 21,406 | 0.70 | 8,284 | 0.27 |
| An Ghréig | 255 | 0.13 | 180 | 0.10 | 187 | 0.11 | 158 | 0.09 | 1,294 | 0.70 | 1,136 | 0.61 |
| An Ungáir | 92 | 0.10 | 97 | 0.10 | 118 | 0.12 | 126 | 0.13 | 333 | 0.33 | 206 | 0.20 |
| Éire | 629 | 0.47 | 637 | 0.46 | 610 | 0.38 | 602 | 0.37 | 1,131 | 0.70 | 529 | 0.33 |
| An Iodáil | 2,129 | 0.14 | 2,584 | 0.17 | 2,519 | 0.16 | 2,660 | 0.16 | 11,436 | 0.70 | 8,776 | 0.54 |
| An Laitvia | 16 | 0.08 | 18 | 0.08 | 19 | 0.08 | 19 | 0.08 | 83 | 0.33 | 64 | 0.25 |
| An Liotuáin | 40 | 0.13 | 38 | 0.11 | 30 | 0.09 | 31 | 0.08 | 125 | 0.33 | 93 | 0.25 |
| Lucsamburg | 310 | 1.00 | 323 | 1.00 | 322 | 1.07 | 323 | 1.06 | 304 | 1.00 | 19 | 0.06 |
| Málta | 14 | 0.23 | 14 | 0.20 | 16 | 0.20 | 15 | 0.19 | 26 | 0.33 | 11 | 0.14 |
| An Ísiltír | 4,297 | 0.71 | 4,094 | 0.67 | 4,200 | 0.64 | 3,953 | 0.59 | 4,652 | 0.70 | 699 | 0.11 |

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Pholainn | 328 | 0.09 | 355 | 0.10 | 329 | 0.08 | 498 | 0.12 | 1,325 | 0.33 | 827 | 0.21 |
| An Phortaingéil | 452 | 0.28 | 368 | 0.23 | 316 | 0.19 | 306 | 0.17 | 1,227 | 0.70 | 920 | 0.53 |
| An Rómáin | 111 | 0.08 | 101 | 0.07 | 151 | 0.10 | 161 | 0.11 | 505 | 0.33 | 344 | 0.22 |
| Poblacht na Slóvaice | 62 | 0.09 | 65 | 0.09 | 61 | 0.08 | 77 | 0.10 | 252 | 0.33 | 175 | 0.23 |
| An tSlóivéin | 45 | 0.13 | 46 | 0.13 | 46 | 0.13 | 45 | 0.12 | 124 | 0.33 | 78 | 0.21 |
| An Spáinn | 1,585 | 0.16 | 1,789 | 0.18 | 1,427 | 0.14 | 1,782 | 0.17 | 7,523 | 0.70 | 5,740 | 0.53 |
| An tSualainn | 4,077 | 0.97 | 4,389 | 1.01 | 4,690 | 1.10 | 4,441 | 1.00 | 4,441 | 1.00 | - | - |
| An Ríocht Aontaithe | 10,808 | 0.56 | 13,498 | 0.71 | 14,612 | 0.71 | 16,830 | 0.70 | 16,830 | 0.70 | - | - |
| **AE15 Iomlán** | **49,749** | **0.42** | **53,021** | **0.44** | **55,094** | **0.43** | **59,522** | **0.45** | **95,150** | **0.72** | **35,629** | **0.27** |
| **AE13 Iomlán** | **964** | **0.10** | **1,000** | **0.10** | **1,053** | **0.10** | **1,248** | **0.11** | **3,733** | **0.33** | **2,485** | **0.22** |
| **AE28 Iomlán** | **50,713** | **0.39** | **54,021** | **0.41** | **56,147** | **0.41** | **60,770** | **0.42** | **98,883** | **0.69** | **38,113** | **0.27** |
| ODA Institiúidí an Aontais Eorpaigh | 13,669 | | 11,995 | | 12,139 | | | | | | | |
| *ar de sin:* | | | | | | | | | | | | |
| *Iontráilte go barúlach do Bhallstáit* | *9,125* | | *9,122* | | *10,072* | | | | | | | |
| *Nach bhfuil iontráilte go barúlach do Bhallstáit* | *4,544* | *0.04* | *2,873* | *0.02* | *2,067* | *0.02* | *2,338* | *0.02* | | | | |
| **ODA iomlán AE** (2) | **55,257** | **0.43** | **56,894** | **0.43** | **58,214** | **0.42** | **63,108** | **0.44** | | | | |

| | |
|---|---|
| **An bhearna idir ODA iomlán AE 2014** | |
| **Agus sprioc ODA iomlán AE 2015 (0.7 %)** | |
| Sprioc in EUR milliún | 96,796 |
| An bhearna in EUR milliún | 38,582 |

*Tabhair do d'aire:* (1) Is cosúil go bhfuil neamhréireachtaí sa tábla mar gheall ar shlánú suas go dhá dheachúil

(2) Lena n-áirítear ODA Institiúidí an Aontais nach bhfuil iontráilte go barúlach ar Bhallstáit. Is meastacháin an Choimisiúin iad na cealla scáthaithe. ODA = Cúnamh Oifigiúil Forbartha. Tá gealltanas tugtha ag Rialtas na Danmhairge i leith sprioc 1% ODA/OIN ach níl aon chlár ama daingean leagtha síos aige lena bhaint amach.

Is ionann **ODA iomlán AE** agus suim ODA a thuairiscigh institiúidí an Aontais agus na Ballstáit. Áirítear air EUR 2.0 milliún d'iasachtaí ODA ó acmhainní an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta féin (2014) nach n-iontráiltear go barúlach do Bhallstáit an Aontais agus atá sa bhreis ar an **Iomlán AE28** (féach fonóta 3).

**Foinsí:**

• I gcás na bhfigiúirí do 1995 – 2014

o I gcás Ballstát den ECFE: ECFE/An Coiste Cúnaimh Forbartha.

o I gcás Bhallstáit nach bhfuil páirteach in ECFE an Aontais Eorpaigh: ECFE/An Coiste Cúnaimh Forbartha i gcás ina raibh an fhaisnéis ar fáil, thairis sin ó na Ballstáit. Meastar na sonraí don Chipir ag an méid agus cóimheas OIN céanna agus a bhí ann in 2013, mar nach bhfuil fáil ar fhigiúirí 2014 go fóill.

o Is réamhfhigiúirí atá i gceist le figiúirí ODA 2014.

• I gcás na bhfigiúirí do 2015, bunaítear an t-ionsamhlú ón gCoimisiún ar an méid a leanas:

o Meastacháin ODA na mBallstát nuair atá siad ar fáil,

o Réamh-mheastacháin ón gCoimisiúin agus ráta fáis bhliantúil ODA don tréimhse 2008-2013 á úsáid i gcás nach bhfuil meastacháin ODA curtha ar fáil ag na Ballstáit.

o Réamh-mheastacháin oifigiúla OIN an Aontais ón mbunachar maicreacnamaíoch bliantúil (AMECO) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh."